2025/447

10.3.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/447 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Márta 2025

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2150/2002 agus (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin (CE) Uimh. 1726/1999, (CE) Uimh. 1916/2000, (CE) Uimh. 198/2006, (CE) Uimh. 1062/2008 agus (AE) Uimh. 349/2011 ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 a leagadh síos le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le staidreamh a bhaineann le gairmoiliúint i bhfiontair ([2]), agus go háirithe Airteagal 13, an chéad mhír, de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal ([3]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail ar an tsláinte phoiblí agus ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht ag an obair ([4]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair ([5]), agus go háirithe Airteagal 11, an tríú mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), leagadh síos aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas (NACE Athbhreithniú 2; 'NACE Ath. 2'). Ó shin i leith, mar gheall ar an domhandú agus an digitiú, athraíodh de réir a chéile an bealach a soláthraíonn mórán gníomhaíochtaí eacnamaíocha earraí agus seirbhísí ar fud an domhain. De thoradh air sin, níor mhór NACE Ath. 2 a thabhairt cothrom le dáta, chun a inchomparáideacht agus a chomhsheasmhacht leis na caighdeáin maidir le haicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a choinneáil ar bun, ar caighdeáin iad a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta. Dá réir sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ([7]) ón gCoimisiún, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 agus leagadh síos an t-aicmiúchán nuashonraithe (NACE Ath. 2 Nuashonrú 1; 'NACE Ath. 2.1').

([1]) IO L 332, 9.12.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2150/oj.
([2]) IO L 255, 30.9.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1552/oj.
([3]) IO L 145, 4.6.2008, lch. 234, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/453/oj.
([4]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1338/oj.
([5]) IO L 63, 12.3.1999, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1999/530/oj.
([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).
([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

(2) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí measúnú a dhéanamh ar na hathruithe mionsonraithe ar an ábhar in NACE agus an leagan roimhe seo den aicmiú a chur i gcomparáid leis an leagan nuashonraithe de (NACE Ath. 2.1), cuireadh tábla comhfhreagrais ([8]) ar fáil d'úsáideoirí an aicmithe an 1 Lúnasa 2023, mar aon le nótaí míniúcháin ([9]).

(3) Sa chorpas mór reachtaíochta lena leagtar amach na ceanglais tarchuir sonraí a thagraíonn do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha NACE, áirítear Rialacháin (CE) Uimh. 2150/2002 agus (CE) Uimh. 1552/2005, mar aon le Rialacháin (CE) Uimh. 1726/1999 ([10]), (CE) Uimh. 1916/2000 ([11]), (CE) Uimh. 198/2006 ([12]), (CE) Uimh. 1062/2008 ([13]) agus (AE) Uimh. 349/2011 ([14]) ón gCoimisiún. Chun a áirithiú go sloinntear na ceanglais tarchuir sin i dtéarmaí atá comhoiriúnach leis an aicmiú nuashonraithe (NACE Ath. 2.1), ba cheart na gníomhartha sin a leasú.

(4) I ranna 1 agus 8 d'Iarscríbhinn I, agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002, tagraítear do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha NACE Ath. 2 agus ba cheart iad a leasú dá bhrí sin.

(5) Le Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999 cuireadh chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi chostais saothair a shainiú agus a tharchur. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do NACE Ath. 2 i Ranna A agus D d'Iarscríbhinn II, agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999 a leasú.

(6) Le Rialachán (CE) Uimh. 1916/2000 cuireadh chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi struchtúr tuillimh a shainiú agus a tharchur. Déantar tagairt in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1916/2000 do NACE Ath. 2 agus ba cheart iad a leasú dá bhrí sin.

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 198/2006 cuireadh chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005. Déantar tagairt in Iarscríbhinní I, II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 198/2006 do NACE Ath. 2 agus ba cheart iad a leasú dá bhrí sin.

(8) Le Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 cuireadh chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta coigeartúcháin shéasúraigh agus le tuarascálacha cáilíochta. Déantar tagairt in Airteagal 1, agus in Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 do NACE Ath. 2 agus ba cheart iad a leasú dá bhrí sin.

(9) Le Rialachán (AE) Uimh. 349/2011 cuireadh chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 a mhéid a bhaineann le staidreamh ar thimpistí ag an obair. Tagraíonn gach ceann de na trí Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 349/2011 do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha den aicmiú comhchoiteann staidrimh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas, san fhoirm inar leagadh síos é ar dtús le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 349/2011 a leasú, ionas go sloinntear é i dtéarmaí na gceanglas atá comhoiriúnach leis an leagan nuashonraithe den aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha (NACE Ath. 2.1).

([8]) https://europa.eu/!f6H9nX.

([9]) https://europa.eu/!FNRFFB.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999 ón gCoimisiún an 27 Iúil 1999 lena gCuirtear Chun Feidhme Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi chostais saothair a shainiú agus a tharchur (IO L 203, 3.8.1999, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1999/1726/oj).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1916/2000 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2000 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi struchtúr tuillimh a shainiú agus a tharchur (IO L 229, 9.9.2000, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2000/1916/oj).

([12]) Rialachán (CE) Uimh. 198/2006 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2006 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh a bhaineann le gairmoiliúint i bhfiontair (IO L 32, 4.2.2006, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/198/oj).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2008 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal, a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta coigeartúcháin shéasúraigh agus le tuarascálacha cáilíochta (IO L 285, 29.10.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1062/oj).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 349/2011 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail ar an tsláinte phoiblí agus ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht ag an obair, a mhéid a bhaineann le staidreamh ar thimpistí ag an obair (IO L 97, 12.4.2011, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/349/oj).

(10) Ionas go mbeidh tréimhse áirithe ag soláthraithe seirbhíse dul in oiriúint do na ceanglais rialála nua, níor cheart ceangal a bheith orthu láithreach an t-aicmiú nuashonraithe a chomhlíonadh.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4

'*Airteagal 4*

Raon feidhme staidrimh

Leis an staidreamh ar an ngairmoiliúint i bhfiontair, cumhdófar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile a leagtar amach i ranna B go O agus i ranna S agus T de NACE (*) ar a laghad.

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(2) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) gníomhaíochtaí eacnamaíocha de bhun NACE;';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Is é an Coimisiún a chinnfidh na ceanglais maidir le sampláil agus cruinneas, méideanna na samplaí a éilítear chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, agus na sonraíochtaí mionsonraithe de NACE agus na catagóirí méide ina bhféadfar na torthaí a mhiondealú.'

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1916/2000

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1916/2000 i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 5

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 198/2006

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 198/2006 i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 6

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Chun Airteagal 3(3) de Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 a chur i bhfeidhm, tosóidh tarchur sonraí arna gcoigeartú de réir séasúir tráth, ar a dhéanaí, a bheidh amshraitheanna ina bhfuil 16 thréimhse bhreathnaithe ar a laghad ar fáil ar leibhéal comhiomlánaithe NACE (*) a shonraítear in Iarscríbhinn 1.

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(2) Leasaítear Iarscríbhinní 1 agus 2 i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 349/2011

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 349/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 8

Iarratas

1. Beidh feidhm ag Airteagail 1, 4 agus 6 ón 1 Eanáir 2026, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat), i gcás tréimhsí tagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 7 ón 1 Eanáir 2027, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat), i gcás tréimhsí tagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 3 ón 1 Eanáir 2028, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat), i gcás tréimhsí tagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

4. Beidh feidhm ag Airteagail 2 agus 5 ón 1 Eanáir 2030, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat), i gcás tréimhsí tagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i bpointe 1 de Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Tiomsófar an staidreamh i gcomhair na ngníomhaíochtaí uile arna n-aicmiú faoi chuimsiú Ranna A go V de NACE (*).

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 8:

'ROINN 8

Torthaí a sholáthar

1. Tiomsófar na torthaí le haghaidh na saintréithe a liostaítear i Roinn 3(1) maidir leis an méid seo a leanas:

1.1 na hítimí seo a leanas, a dtugtar tuairisc orthu i dtéarmaí NACE:

Uimhir Ítime		Tuairisc
1	Roinn A	Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht
2	Roinn B	Mianadóireacht agus cairéalú
3	Rannán 10	Monarú táirgí bia
	Rannán 11	Monarú deochanna
	Rannán 12	Monarú táirgí tobac
4	Rannán 13	Monarú teicstílí
	Rannán 14	Monarú corpbhirt
	Rannán 15	Monarú leathair agus táirgí gaolmhara d'ábhair eile
5	Rannán 16	Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar fite
6	Rannán 17	Monarú páipéir agus táirgí páipéir
	Rannán 18	Priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta
7	Rannán 19	Monarú táirgí cóic agus peitriliam scagtha
8	Rannán 20	Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha
	Rannán 21	Monarú buntáirgí cógaisíochta agus ullmhóidí cógaisíochta
	Rannán 22	Monarú táirgí rubair agus plaisteacha
9	Rannán 23	Monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile
10	Rannán 24	Monarú miotal bunata
	Rannán 25	Monarú táirgí miotail déanta, seachas innealra agus trealamh

Uimhir Ítime		Tuairisc
11	Rannán 26	Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla
	Rannán 27	Monarú trealaimh leictrigh
	Rannán 28	Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile
	Rannán 29	Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí
	Rannán 30	Monarú trealaimh eile iompair
12	Rannán 31	Monarú troscáin
	Rannán 32	Monarú eile
	Rannán 33	Deisiú, cothabháil agus suiteáil innealra agus trealaimh
13	Roinn D	Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe
14	Rannán 36	Bailiú, cóireáil agus soláthar uisce
	Rannán 37	Séarachas
	Rannán 39	Gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus gníomhaíochtaí seirbhíse eile bainistithe dramhaíola
15	Rannán 38	Gníomhaíochtaí bailithe, aisghabhála agus diúscartha dramhaíola
16	Roinn F	Tógáil
17		Gníomhaíochtaí seirbhíse:
	Roinn G, cé is moite d'aicme 46.87	Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola
	Roinn H	Iompar agus stóráil
	Roinn I	Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia
	Roinn J	Foilsitheoireacht, craoltóireacht agus gníomhaíochtaí táirgthe agus dáilte ábhair
	Roinn K	Teileachumarsáid, ríomhchlárú, comhairliú, bonneagar ríomhaireachta agus gníomhaíochtaí seirbhíse faisnéise eile
	Roinn L	Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais
	Roinn M	Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh
	Roinn N	Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla
	Roinn O	Gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta
	Roinn P	Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach
	Roinn Q	Oideachas
	Roinn R	Gníomhaíochtaí shláinte an duine agus oibre sóisialta
	Roinn S	Na healaíona, spórt agus áineas
	Roinn T	Gníomhaíochtaí seirbhíse eile
	Roinn U	Gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí; gníomhaíochtaí neamhdhifreáilte teaghlach um tháirgeadh earraí agus seirbhísí dá n-úsáid féin
	Roinn V	Gníomhaíochtaí eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríochacha

Uimhir Ítime		Tuairisc
18	Aicme 46.87	Mórdhíol dramhaíola agus fuílleog

1.2. Teaghlaigh

Uimhir Ítime		Tuairisc
19		Dramhaíl arna giniúint ag teaghlaigh

2. I gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha, is aonaid áitiúla nó aonaid phríomhghníomhaíochta iad na haonaid staidrimh, mar a shainmhínítear i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 (*) ón gComhairle, de réir chóras staidrimh gach Ballstáit.

Sa tuarascáil cháilíochta, atá le táirgeadh faoi Roinn 7, ba cheart tuairisc a áireamh ar an difear a dhéanann an t-aonad staidrimh a roghnaíodh do ghrúpálacha dháileadh sonraí NACE.

(*) Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir le haonaid staidrimh chun an córas táirgeachta sa Chomhphobal a bhreathnú agus a anailísiú (IO L 76, 30.3.1993, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/696/oj).';

(2) In Iarscríbhinn II, Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'1. Déanfar staidreamh a thiomsú i gcomhair gach saoráide aisghabhála agus diúscartha a ritheann aon cheann de na hoibríochtaí dá dtagraítear i Roinn 8(2) agus a bhaineann leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó ar cuid díobh iad de réir ghrúpálacha NACE (*) dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Roinn 8(1.1).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).'.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1726/1999 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) Leasaítear Roinn A mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Cumhdaíonn an sainmhíniú seo ar fhostaithe oibrithe láimhe agus intleachta agus pearsanra bainistíochta san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear i Ranna B-O agus Q-T de NACE (*) i bhfiontair ina bhfuil 10 bhfostaí ar a laghad (**).

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

(**) Tá cumhdach Roinn P de NACE roghnach. Tá cumhdach fostaithe i bhfiontair ina bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí roghnach freisin.';

(ii) sa tríú mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs an fhonóta a ghabhann leis an gcúigiú fleasc:

'Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, tá na huaireanta a oibríonn daoine atá fostaithe ag gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí le háireamh in aicme NACE na gníomhaireachta fostaíochta (aicme NACE 78.20) seachas i bpost NACE an fhiontair dá n-oibríonn siad iarbhír.';

(b) i Roinn D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt:

'Tá costas na daoine arna bhfostú ag gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí le háireamh i dtionscal na gníomhaireachta a fhostaíonn na daoine sin (aicme NACE 78.20), seachas i dtionscal an ghnóthais a n-oibríonn siad dó.';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Tá trí chomhad le soláthar a chomhfhreagraíonn do Tháblaí A, B agus C:

— I dTábla A tá sonraí náisiúnta (taifead amháin le haghaidh gach gníomhaíochta eacnamaíche ag leibhéil roinne agus rannáin NACE (*)),

— I dTábla B tá sonraí náisiúnta de réir aicme méide (taifead amháin le haghaidh gach gníomhaíochta eacnamaíche ag leibhéil roinne agus rannáin NACE, i gcás gach ceann de na haicmí méide),

— I dTábla C tá sonraí réigiúnacha ar leibhéal NUTS 1 (taifead amháin le haghaidh gach gníomhaíochta eacnamaíche ag leibhéil roinne agus rannáin NACE, i gcás gach ceann de na réigiúin).

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(b) sa dara mír faoin gceannteideal 'Sainaithint taifid', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce:

'— gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE,'.

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1916/2000 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.3:

'1,3. Príomhghníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid áitiúil (NACE (*))

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) Leasaítear Roinn 1 mar a leanas::

(i) sa chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt:

'Cumhdófar leis an staidreamh na gníomhaíochtaí uile a shainítear i ranna B go O agus Q go T d'aicmiú tionsclaíoch ginearálta gníomhaíochtaí eacnamaíocha laistigh de na Comhphobail Eorpacha (NACE (*)) i bhfiontair a bhfuil 10 bhfostaí ar a laghad acu (**).

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

(**) Tá cumhdach roinn P de NACE roghnach. Tá cumhdach fostaithe i bhfiontair ina bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí roghnach freisin.';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.3:

'1.3. *Príomhghníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid áitiúil (NACE)*

Ba cheart príomhghníomhaíocht eacnamaíoch an aonaid áitiúil a chódú ar leibhéal 2-dhigit NACE (leibhéal rannáin).

Cuirfear na cóid tarchuir le haghaidh catagóirí éagsúla NACE i láthair i bpáipéar cur chun feidhme a bheidh le dáileadh ag Eurostat.';

(b) Leasaítear Roinn 2 mar a leanas::

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Cumhdaíonn an sainmhíniú ar fhostaithe oibrithe láimhe agus intleachta agus pearsanra bainistíochta san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmítear i Ranna B go O agus Q go T de NACE i bhfiontair ina bhfuil 10 bhfostaí ar a laghad (*).

_____

(*) Tá cumhdach roinn P de NACE roghnach. Tá cumhdach fostaithe i bhfiontair ina bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí roghnach freisin.';

(ii) sa tríú mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs an fhonóta a ghabhann leis an gcúigiú fleasc:

'Chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, tá na huaireanta a oibríonn daoine atá fostaithe ag gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí le háireamh in aicme NACE na gníomhaireachta fostaíochta (NACE 78.20) seachas i bpost NACE an fhiontair dá n-oibríonn siad iarbhír.'.

IARSCRÍBHINN IV

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 198/2006 mar a leanas:

(1) sa nóta a ghabhann leis an tábla in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú habairt:

'Tagraíonn NACE d'aicmiú gníomhaíochta eacnamaíche a leagadh síos le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 (*).

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(2) i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití agus na chéad fhleisce:

'Srathófar an sampla de réir NACE (*)agus catagóir mhéide i gcomhréir leis na sonraíochtaí íosta seo a leanas:

— 20 catagóir NACE [B, C10-C12, C13-C15, C17-C18, C19-C23, C24-C25, C26-C28+C33, C29-C30, C16 +C31-C32, D-E, F, G46, G47, H, I, J-K, L64-L65, L66, M+N+O+S+T94+T96, T95],

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(3) sa cheathrú mír d'Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2, 3 agus 4:

'2. I gcás cill NACE/méide aonair, ní cheadófar aon iontráil bharúlach má tá sonraí in easnamh ag níos mó ná 50 % de na fiontair a thug freagra le haghaidh níos mó ná 25 % de na hathróga cainníochtúla. (*)

3. I gcás cill NACE/méide aonair, ní dhéanfar aon iontráil bharúlach le haghaidh athróg chainníochtúil más lú ná 50 % an cion de na fiontair a thug freagra le haghaidh na hathróige áirithe sin.

4. I gcás cill NACE/méide aonair, ní dhéanfar aon iontráil bharúlach le haghaidh athróg cháilíochtúil más lú ná 80 % an cion de na fiontair a thug freagra le haghaidh na hathróige áirithe sin.

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) Leasaítear Roinn 2 (Cruinneas) mar a leanas:

(i) leasaítear pointe 2.1 mar a leanas:

— sa dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Táblaí atá le soláthar (arna miondealú de réir NACE (*)agus aicmí méide de réir an phlean samplála náisiúnta):

_____

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

— sa tríú mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Táblaí atá le soláthar le haghaidh an tsampla éifeachtaigh bhreathnaithe (arna miondealú de réir NACE agus aicmí méide de réir an phlean samplála náisiúnta):';

(ii) i bpointe 2.2.1, an dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Táblaí atá le soláthar le haghaidh an tsampla éifeachtaigh bhreathnaithe (arna miondealú de réir NACE agus aicmí méide de réir an phlean samplála náisiúnta):';

(iii) i bpointe 2.2.4, an dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Táblaí atá le soláthar le haghaidh an tsampla éifeachtaigh bhreathnaithe (arna miondealú de réir NACE agus aicmí méide de réir an phlean samplála náisiúnta):';

(b) Leasaítear Roinn 6 (Comhleanúnachas) mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Cumhdaítear leis seo comparáid idir staidreamh don fheiniméan céanna nó don ítim chéanna ó shuirbhéanna nó ó fhoinsí eile agus measúnú ar chomhleanúnachas le staidreamh struchtúrach gnó don líon daoine atá fostaithe mar fheidhm de NACE agus d'aicmí méide.';

(ii) sa dara mír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Táblaí atá le soláthar le haghaidh an tsampla éifeachtaigh bhreathnaithe (arna miondealú de réir NACE agus aicmí méide de réir an phlean samplála náisiúnta):'.

IARSCRÍBHINN V

Leasaítear Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1062/2008 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn 1:

IARSCRÍBHINN 1

Leibhéal comhiomlánaithe NACE (*)

Ranna NACE	Tuairisc
A	Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht
B, C, D agus E	Mianadóireacht agus cairéalacht; monarú; soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe; soláthar uisce; séarachas, gníomhaíochtaí bainistíochta agus feabhsúcháin dramhaíola
F	Tógáil
G, H agus I	Trádáil mhórdhíola agus trádáil mhiondíola; iompar agus stóráil; gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia
J	Foilsitheoireacht, craoltóireacht agus gníomhaíochtaí táirgthe agus dáilte ábhair
K	Teileachumarsáid, ríomhchlárú, comhairliú, bonneagar ríomhaireachta agus gníomhaíochtaí seirbhíse faisnéise eile
L	Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais
M	Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh
N agus O	Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla; gníomhaíochtaí seirbhísí riaracháin agus tacaíochta
P, Q agus R	Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach; oideachas; sláinte an duine agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta
S agus T	Na healaíona, spórt agus áineas; gníomhaíochtaí seirbhíse eile

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

(2) in Iarscríbhinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.2.6:

‘2.2.6. *Meastachán ar chlaontacht*

Tarchuirfear measúnú ar na hearráidí neamhshamplála, i dtéarmaí dearbhlíon na bhfolúntas, le haghaidh líon iomlán na bhfolúntas agus, i gcás inar féidir, le haghaidh leibhéal comhiomlánaithe NACE (*) a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo agus aicmí méide (1-9, 10 + bhfostaí).

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).’.

IARSCRÍBHINN VI

Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 349/2011 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

'IARSCRÍBHINN I

LIOSTA ATHRÓG

Athróga Chéimeanna I agus II den Staidreamh Eorpach ar thimpistí ag an obair

Athróga	Sonraíochtaí	An chéad bhliain tagartha le haghaidh tarchur sonraí
Cás-uimhir	Cás-uimhir uathúil chun gach taifead aonair a shainaithint agus chun a áirithiú go léirítear le gach taifead tarlú timpiste ar leithligh ag an obair. Ní mór 4 dhigit na bliana ina dtugtar fógra do na húdaráis náisiúnta inniúla faoin timpiste a chur roimh an gcás-uimhir a roghnaítear.	2027
Gníomhaíocht eacnamaíoch an fhostóra	Leibhéal 4 dhigit NACE (*)	2027 le haghaidh ranna A-T NACE
Post an íospartaigh	Leibhéal 2 dhigit de ISCO-08	2027
Aois an íospartaigh	Uimhir 2 dhigit	2027
Inscne an íospartaigh	Cód 1 dhigit	2027
An cineál gortaithe	Leagan 3 dhigit d'aicmiú an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair le haghaidh 'Cineál gortaithe' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair.	2027
An chuid den chorp a gortaíodh	Leagan 2 dhigit d'aicmiú 'an chuid den chorp a gortaíodh' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair.	2027
Suíomh geografach na timpiste	Cód 5 dhigit de réir aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh**. (**)	2027
Dáta na timpiste	Athróg uimhriúil a thugtar mar bhliain, mí agus lá	2027
Am na timpiste	Athróg 2 dhigit lena dtugtar tuairisc ar eatraimh ama in uaireanta an chloig de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	roghnach
Méid an fhiontair	Catagóirí de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	roghnach
Náisiúntacht an íospartaigh	Catagóirí de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	roghnach
Stádas fostaíochta an íospartaigh	Catagóirí de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027
Laethanta a mbítear as láthair (déine)	Catagóirí de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair. Úsáidtear cóid shonracha chun éagumas buan agus timpiste mharfach a chur in iúl.	2027

Athróga	Sonraíochtaí	An chéad bhliain tagartha le haghaidh tarchur sonraí
Ualú bailiúcháin an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	Le húsáid nuair a úsáideann an Ballstát sampla chun sonraí faoi thimpistí a bhailiú agus/nó nuair is mian leis an sampla a cheartú le haghaidh tearcthuairiscithe. Mura mbaineann sé le hábhar, úsáidtear luach réamhshocraithe 1.	2027

Athróga chéim III an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair maidir le cúiseanna agus imthosca

Athróga	Sonraíochtaí	An chéad bhliain tagartha le haghaidh tarchur sonraí
1. Stáisiún oibre	Catagóirí de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
2. An timpeallacht oibre	Leagan 3 dhigit d'aicmiú 'Timpeallacht oibre' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
3. Nós Imeachta Oibre	Leagan 2 dhigit d'aicmiú 'Nós Imeachta Oibre' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
4. Gníomhaíocht Coirp Shonrach	Leagan 2 dhigit d'aicmiú 'Gníomhaíocht Coirp Shonrach' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
5. Diallas	Leagan 2 dhigit d'aicmiú 'Diallas' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
6. Teagmháil – Modh gortaithe	Leagan 2 dhigit d'aicmiú 'Teagmháil – Modh gortaithe' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
7. Oibreán Ábhartha a bhaineann leis an nGníomhaíocht Coirp Shonrach	Leagan 4 dhigit d'aicmiú 'Oibreán Ábhartha' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
8. Oibreán Ábhartha a bhaineann leis an Diallas	Leagan 4 dhigit d'aicmiú 'Oibreán Ábhartha' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)
9. Oibreán Ábhartha a bhaineann leis an Teagmháil – Modh gortaithe	Leagan 4 dhigit d'aicmiú 'Oibreán Ábhartha' de réir mhodheolaíocht an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair	2027 (***)

Athróga	Sonraíochtaí	An chéad bhliain tagartha le haghaidh tarchur sonraí
Ualach cúiseanna agus imthosca	Le húsáid i gcás ina gcuireann an Ballstát sampláil bhreise i bhfeidhm le haghaidh ionchódú athróga Chéim III an Staidrimh Eorpaigh ar thimpistí ag an obair maidir le cúiseanna agus imthosca. Mura mbaineann sé le hábhar, úsáidtear luach réamhshocraithe 1	2027

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

(**) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

(***) Tarchur éigeantach 3 cinn ar a laghad de na 9 n-athróg.';

(2) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhoclaíocht réamhráiteach an dara mír:

'De réir NACE (*):

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce:

'— an daonra a chumhdaítear i dtéarmaí ranna NACE (*), agus b'fhéidir rannáin, grúpaí agus aicmí, agus stádas fostaíochta,

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an seachtú fleasc:

'— an líon timpistí marfacha tráchta ar bhóithre agus an líon timpistí marfacha ar bord aon mhodh iompair le linn turais ag an obair maidir le daoine atá fostaithe lasmuigh de Roinn H NACE 'Iompar agus stóráil',.'.